



Mionábhair i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr

Féadfaidh mic léinn incháilithe mionábhar nua a thosú sa dara bliain agus leanúint leis sa dara, tríú agus ceathrú bliain (le céim a bhaint amach i Mórábhar le Mionábhar) nó staidéar a dhéanamh air sa dara agus tríú bliain amháin (le céim Aononóracha a bhaint amach).

https://www.tcd.ie/TEP/assets/Docs/commonarch_suite_all.pdf

1. Cén fáth a mbeadh an Ghaeilge agat mar mhionábhar?

An mbaineann tú **taitneamh as Gaeilge a labhairt**? An maith leat an Ghaeilge a scríobh is a léamh? Más mian leat barr feabhais a chur ar do chumas sna réimsí sin, seo an cúrsa duitse. Tá cáil ar fhoireann Roinn na Gaeilge sna goirt ina bhfuil siad ag obair mar scoláirí agus iad ag foilsiú leo go rialta. Chomh maith leis sin, tá an-cháil ar an Roinn as a bheith cairdiúil, rud a thaitníonn go mór lenár gcuid mac léinn. San iomlán, is geall le mionGhaelacht i lár na príomhchathrach sinn.

Tá réimse an-leathan **gairmeacha** ag daoine a rinne Nua-Ghaeilge anseo. Ina measc tá cuid mhaith múinteoirí, iriseoirí (sna meáin Ghaeilge go háirithe) agus daoine le postanna eile sna meáin – teilifís, ceol, beochan, raidió agus an t-idirlíon. Tá borradh tagtha ar líon na ndaoine a fhaigheann postanna mar ateangairí agus aistritheoirí, cuid acu siúd thar sáile. Tá léachtóirí ollscoile agus leabharlannaithe againn chomh maith, agus iarmhíic léinn eile ag obair sa tseirbhís phoiblí, le gnó agus le margaíocht.

Is trí mheán na Gaeilge a mhúinfeadh do chúrsa. Foghlaimeoidh tú faoi **gach gné den Nua-Ghaeilge**: ón bhFiannaíocht sa 13ú haois go Máirtín Ó Cadhain agus Nuala Ní Dhomhnaill sa lá atá inniu ann. Cuirfidh tú go mór le do chumas i labhairt agus scríobh na Gaeilge, agus déanfaidh tú staidéar foirmiúil ar cheartúsáid na teanga. Caithfidh tú tréimhse sa Ghaeltacht mar chuid de do chúrsa.

2. Riachtanais iontrála agus na leibhéil atá ar fáil

Níl cúrsa ar fáil do thosaitheoirí sa Ghaeilge. Ní mór duit an Ghaeilge a bheith déanta agat don Ardeist agus H4 ar a laghad bainte amach agat san ábhar.

3. An Ghaeilge mar mhionábhar – an cúrsa teagaisc

Bliain a 2:

Modúl	Teideal	ECTS	Seimeastar	Éigeantach / Rogha
IRU11441	Ceart agus Labhairt na Teanga T1	5	1	Éigeantach
IRU11411	Pobal agus Teanga	5	1	Rogha
IRU11401	Nualitríocht T1	5	1	Rogha
IRU11442	Ceart agus Labhairt na Teanga T2	5	2	Éigeantach
IRU11402	Nualitríocht T2	5	2	Rogha
IRU11422	Dán Díreach & Céitinn	5	2	Rogha

Bliain a 3:

Modúl	Teideal	ECTS	Seimeastar	Éigeantach / Rogha
IRU22441	Ceart agus Labhairt na Teanga T1	5	1	Éigeantach
IRU22401	Nuafhilíocht	5	1	Rogha
IRU22421	Béaloideas	5	1	Rogha
IRU22442	Ceart agus Labhairt na Teanga T2	5	2	Éigeantach
IRU22432	Gaeilge na hAlban	5	2	Éigeantach

Bliain a 4:

Beidh deich bpointe creidmheasa le déanamh agat sa teanga féin (éigeantach) agus deich bpointe i gcúrsaí roghnacha. Tairgtear iliomad rogha litríochta ag an leibhéal seo – idir litríocht próis, Fiannaíocht, béaloideas, nuafhilíocht, Gaeilge Chlasaiceach, drámaíocht srl.

20 creidmheas ECTS atá le déanamh gach bliain.

Tá na lámhleabhair ar fáil ag <https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/index.ga.php>

4. Do thréimhse thar lear

Tá deontas ar fáil do gach mac léinn le cabhrú leo dul siar go dtí an Ghaeltacht sa Cheathrú Rua ar feadh coicise ar dhianchúrsa Gaeilge. I roinnt cásanna, féadfaidh mic léinn socrú Erasmus a dhéanamh le tabhairt faoin ábhar eile thar lear ar feadh leathbhliana, agus an Ghaeilge ar fad a dhéanamh sa leathbhliain eile.

5. Scileanna mar chéimí

Tá réimse an-leathan gairmeacha ag daoine a rinne Nua-Ghaeilge anseo. Ina measc tá cuid mhaith múinteoirí, iriseoirí (sna meáin Ghaeilge go háirithe) agus daoine le postanna eile sna meáin – teilifís, ceol, beochan, raidió agus an t-idirlíon. Tá borradh tagtha ar líon na ndaoine a fhaigheann postanna mar ateangairí agus aistritheoirí, cuid acu siúd thar sáile. Tá léachtóirí ollscoile agus leabharlannaithe againn chomh maith, agus iarmhíic léinn eile ag obair sa tseirbhís phoiblí, le gnó agus le margaíocht.

6. Céard a deir ár gcuid mac léinn?

“Níl aon amhras ach go bhfreastalaíonn an cúrsa seo ar an nGaeilge mar ábhar ach níos tábhachtaí ná sin, mar theanga chomh maith. Cuirtear léachtaí ar fáil (trí Ghaeilge ar ndóigh) ar nós: Pobal agus Teanga, Sean- agus Nua-fhilíocht, Béaloideas, Prós na Gaeilge agus Gàidhlig na hAlban. Bíonn roghanna difriúla ann chuile bhliain. Anuas ar sin, tá Cumann Gaelach thar a bheith bríomhar i gColáiste na Tríonóide.

Ní fhéadfainn smaoineamh ar fhoireann teagaisc níos díograisí nó níos deise ná Foireann Roinn na Gaeilge. Cothaíonn said grá ionainn go léir don Ghaeilge agus tugtar spreagadh dúinn chun seoid ár n-oidhreacht a chaomhnú agus a fhorbairt chuile lá.”

Marie ní Bhraonáin, Céim sa Ghaeilge agus sa Drámaíocht

Láithreoir Spóirt ar TG4 agus múinteoir i gColáiste Gonzaga

“Do mholfainn an chéim seo go mór d’éinne a bhfuil suim acu sa Ghaeilge i gcoitinne – mar atá sí sa lá atá inniu ann agus mar a bhí fadó – go háirithe dóibh siúd atá fiosrach faoin áit as a dtáinig sí i gcomhthéacs na hEorpa. Tá Roinn na Gaeilge ar cheann de na ranna is cabhraí agus is spreagúla dá bhfuil ann.”


Oisín Ó Muirthile, Céimí sa Luath agus Nua-Ghaeilge

Aistritheoir foilsithe ar ‘Cluiche na Corónach’ (*Game of Thrones*) agus iarchéimí ag Harvard

7. Bí i dteagmháil linn

Fón: +353 1 896 1450

r-phost: nibhraoc@tcd.ie



Lean muid!

Tuilleadh Eolais ar fáil
ach féachaint ar
www.tcd.ie/irish

